*Eagrán 43* *Meán Fómhair 2012*

# Guth Ghoill

Luach € 2.00

## "Sam" sna Dúnaibh



Pól Mac Giolla Chomhaill, Adam Speer agus Maxi Ó Corráin, triúr de bhunadh Ros Goill atá ag obair le foireann an chontae, ag teacht isteach 'na nDúnaibh le Sam.

**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR


"Sam" sna Dúnaibh 1

Anton Mhicí 3

Muintir na Breataine Bige ar cuairt i nDún na nGall 6

Feamainn sa Chistin 7

Cuntas ar chuid de na Seantithe sa Cheantar 8

Seanfhocail 10

Feadaímó 11

Campa Samhraidh Céim Aniar 13

Cluiche Ceannais na hÉireann (Pictiúr ó: Risteard Ó Conghaile, Liam Mac Conaglaigh agus Seán Mac Laifeartaigh 14

Imeachtaí Iarscoile

Dioplóma sa Ghaeilge 16


© Céim Aniar Teoranta

# Anton Mhicí



Fuair Anton Mac Giolla Bhríde, nó Anton Mhicí mar ab fhearr aithne air sa cheantar agus níos faide i gcéin, fear de bhunadh na nDúnaibh, bás ar an 5ú lá de Mheitheamh agus cuireadh é ar a bhreithlá, an 8ú lá de Mheitheamh.

I gceantar mar Ros Goill, áit a bhfuil an daonra íseal go leor, agus áit a bhfuil aithne mhaith againn uilig ar a chéile mothaíonn achan duine an brón nuair a chailleann muid duine de bhunadh na háite. Tá sé mar an gcéanna sna ceantracha tuaithe uilig is dóiche, ach corruair gheobhann duine inteacht bás agus buaileann sé muintir na háite níos troime ná in amanna eile, go háirithe má bhíonn an duine seo lárnach i saol an phobail síos tríd na blianta. Is amhlaidh a bhí se le bás Antoin.

Rugadh Anton i 1939 i dTeach Thrá Mór, teach a thóg a athair, Micí Sophie Mac Giolla Bhríde as Dumhaigh agus a mháthair Maggie Ní Dhochartaigh as Glasán. Tógadh é mar theach lóistín agus fuair siad ceadúnas Teach Tábhairne luath sna caogaidí. Ba é Peadar Ó Sibhleáin a thóg an chéad bharra sa teach. Fuair Micí bás ar an 30ú lá de Dheireadh Fómhair 1967 agus fuair Maggie bás ar an 29ú Nollaig 1983.



*Teach Thrá Mór*

Bhí ceathrar de theaghlach ag Micí agus Maggie agus ba Anton an duine ba sine. Ansin tháinig Máire, Josephine, agus Bríd. Bhí multiple sclerosis ar Mháire agus Josephine agus chaith siad cuid mhaith dá saol sa Cheshire Home i Luimneach. Bhí Anton i gcónaí maith dófa agus b'iomaí cuairt a thug sé orthu agus thabharfadh sé iad na bhaile chuig na Dúnaibh go minic. Fuair Máire bás i Mí Eanáir 1979 agus Josephine i Mí Nollag 1981. Chuaigh Bríd go Philadelphia i Meiriceá áit a bhfuil sí go fóill.

Chuaigh Anton go scoil Dhoire Chasáin agus ansin go Scoil Naomh Adhamhnán Leitir Ceanainn ó 1952 go 1957. Bhí Anton Mac Eiteagáin sa rang céanna leis agus bhí siad ar an fhoireann a bhain comórtas peile Choróin Rann Na Feirste leis an scoil.



*Sa bharra*

Phós Anton Margaret Nic Pháidín as an Chaiseal ar an 17ú Meán Fómhair 1966 i dTeach Pobail Naomh Seosamh ar bhóthar Berkley i mBaile Átha Cliath agus bhí an béile acu san Addison Lodge. Bhí ceathrar clainne acu, Gráinne, Micheál, Andy agus Paul.

Bhí Anton lárnach i saol Ros Goill, go hairithe i gcúrsaí CLG na nDúnaibh. Fosta bhí Teach Thrá Mór aige agus b'é an teach tábhairne a bhí mar rogha ag bunadh na háite, ón Mheall Mór go Dumhaigh siar go dtí na Dúnaibh, ar feadh blianta fada. Leoga tháinig léar daoine ó uachtar an pharóiste go teach Antoin agus dá má rud é go raibh tú ag iarraidh bualadh le duine inteacht is tigh Antoin Mhicí a rachfá tráthnóna



Dé Domhnaigh. Bheadh an teach plódaithe le muintir na háite an tráthnóna sin ba chuma cén t-am den bhliain é. Nuair a thiocfadh daoine na bhaile ag an Nollaig nó sa tSamhradh cha raibh amhras ar bith fá cá háit a gcaitheamh siad a gcuid oícheanta.

Bhí Teach Thrá Mór tábhachtach fosta sna seascaidí, sna seachtóidí agus ag tús na n-ochtóidí mar cha raibh an fón sna tithe uilig ag an am. Rachadh daoine ansin ar an Domhnach agus iad ag fanacht ar scairt ón mhuintir sin a bhí thar lear in Alban agus i Sasana. Thiocfadh Anton amach agus chuirfeadh sé scairt ar an chéad duine eile le dul isteach chuig an fón. B'iomaí uair a tháinig drochscéal chuig Anton fá dhuine inteacht a bhí marbh thar lear. Bheadh ar Anton ansin dul agus an scéal a thabhairt do cibé teaghlach a bhí i gceist.

Duine ar bith a thiocfadh isteach chuig an bharra bheadh focal ag Anton dóibh, cé acu a shílfeá maith nó olc na focla sin. Bhí tú san áit mhícheart ar fad má bhí do chraiceann ar dhóigh ar bith bog ort. Sin an fáth go ndeachaigh muid isteach sa chéad áit mar bhí an craic i gcónaí maith le hAnton. Thógfadh sé racán fá ábhar ar bith agus ba chuma cé thú cha ngeofá lámh an uachtair air. Níl mé ag iarraidh go bhfaigheadh duine ar bith nach raibh aithne acu ar Anton an pictiúr mícheart fán sórt duine a bhí ann, mar bhain muid uilig sult as na díospóireachtaí a bhí againn leis agus bhí a fhios againn fosta go raibh a chroí chomh mór is a bhí sé fhéin.

Nuair a bhris na Dúnaibh ar shiúl ó Roger Casements i 1977 bhí lúcháir ar Anton go mbeadh an paróiste anois ag seasamh leis fhéin. Ag an am sin bhí muid ceangailte le Fánaid agus le Baile na nGallóglach agus roimhe sin bhí na Dúnaibh ceangailte leis An Chraoslach agus le Dún Fionnachaidh. Bhí Anton ar fhoireann na nDúnaibh a bhain Craobh Sóisearach an Chondae i 1957. Rinneadh é a thoghadh mar chéad chathaoirleach ar CLG na nDúnaibh i 1977, post a choinnigh sé ar feadh blianta, agus bhí sé soiléir dúinne agus d'achan duine eile go raibh a chroí istigh sa chlub. Fear mór Chumann Lúthchleas Gaeil a bhí ann agus lean sé foireann an chontae go dílis. Bhí sé i mBaile Átha Cliath i 1972 agus i 1974 ag na cluichí leathcheannais agus bhí sé ansin nuair a thóg Dún na nGall an Sam Maguire don chéad uair i 1992. Bheadh lúcháir an domhain ar Anton ar na laethanta seo

leis an dóigh a bhfuil an chontae ag imirt faoi threoir Jim McGuinness.

Dhíol Anton Teach Thrá Mór i 1991 le Nellie Callaghan agus thóg sé teach i gCeann na Leargaidh áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol. Cha raibh an tsláinte go rómhaith ag Anton sna blianta deireanacha ach char athraigh a phearsantacht ar dhóigh ar bith. Dá rachfá isteach ar cuairt chuige cha bheifeá istigh dhá bhomaite go dtí go mbeadh an chonspóid faoi



*Anthony Molloy, Anton Mhicí, An tAthair Ó Gallachóir agus Mark Crossan (1992)*

lán tseoil. Sin Anton, bhain se sult as an díospóireacht. Bhí a chuid tuairimí fhéin aige ar achan ábhar agus chosain sé na tuairimí sin go láidir.

Bhí Anton agus Margaret breá sásta sa teach úr agus bhí cuid páistí Phaul agus Ghráinne fán teach go minic. Tá Micheál agus Andy pósta i Meiriceá agus tagann siadsan na bhaile as Meiriceá go minic fosta. Insíonn sin duit achan rud fán mheas a bhí acu ar Anton agus ar Mhargaret.

Bhí slua mór ar an tórramh i gCarraig Áirt. Bhí siad ansin ó achan chearn den tír, go háirithe na himreoirí a d'imir do na Dúnaibh síos tríd na blianta. Taobh amuigh d'imreoirí an lae inniu agus iadsan a d'imir le hAnton, bhí chóir a bheith iomlán na n-imreoirí, a d'imir do CLG na nDúnaibh i 1977 ar an tórramh. Ní dóigh liom go bhfuil dóigh níos fearr ná sin leis an mheas a bhí againn ar Anton a thaispeáint. Sheas na himreoirí uilig ar dhá thaobh an bhealaigh ag déanamh garda onóra d'Anton agus ba chúis bhróid a bhí ansin dófa uilig. Thaitin sé go mór leis an teaghlach go raibh an méid sin daoine ansin ag déanamh comhbhróin leo ar thórramh Antoin. Rinne Hughie Fina ard mholadh ón altóir ar Anton agus thaitin sé le achan duine. Bhí sé brónach, bhí sé greannmhar agus bhí sé spéisiúil. Chuir sé saol Antoin romhainn mar dhuine, mar athair, mar pheileadóir agus mar charachtar go deas cruinn agus bhain muid uilig sult as.

Fear bródúil, fear neamhspleách agus fear maith a bhí in Anton ar achan dóigh.

Ar dheis Dé go raibh a anam dhílis.



## Bailte Slachtmhara Ros Goill

*Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil le Coiste Baile Slachtmhara Carraig Airt as Duais na Gaeltachta a bhaint amach sa chomórtas náisiúnta i mbliana. Tá moladh mór tuilte ag Coiste Baile Slachtmhara na nDúnaibh chomh maith as an obair dhícheallach atá curtha isteach acu i rith na bliana. Tá dul chun cinn mór déanta agus tairbhe na hoibre le feiceáil sa dá bhaile.*

*Is féidir tuairiscí an chomórtais a fháil ar www.tidytowns.ie/reports.php.*

# Baill de Chumann Edward Lhuyd as an Bhreatain Bheag ar cuairt i nDún na nGall

Teangeolaí, luibheolaí, staraí agus ileolaí a bhí in Edward Lhuyd, a thug Cuairt Mhór Ceithre Bliana ar an Bhreatain Bheag, Albain, Corn na Breataine, An Bhriotáin agus ar Éirinn idir na blianta 1697 agus 1701. Fear cumasach a bhí ann a scríobh leabhar gramadaí agus foclóir Gaeilge. Thug dream cainteoirí dúchasacha Breatnaise, baill de Chumann Edward Lhuyd, as áiteacha éagsúla ar fud na Breataine Bige, cuairt ar an chontae seo le déanaí. Siúlóirí a bhí iontu uilig agus bhain siad an-taitneamh ar fad as bheith ag siúl, ag spaisteoireacht agus ag dreapadh tríd shléibhte agus ghleannta Iar-thuaisceart Thír Chonaill. Bhí siad ar lóistín in Óstán Bhá na nDúnaibh i rith na seachtaine, áit a thuill ard-mholadh uathu mar gheall ar an chúram a fuair siad ansin. Cé nach raibh scoth na haimsire acu, chaith siad sé huaire ar Chorrán Binne an chéad lá a bhí siad amuigh agus is cinnte go raibh goile breá acu don dinnéar an oíche sin!

Chaith siad lá suimiúil i bPáirc Náisiúnta



*Na siúlóirí ar Chorrán Binne*

Ghleann Bheatha lá arna mhárach. Fuair siad léargas ar stair agus ar chultúr Ghleann Bheatha chomh maith le dúlra, fiadhúlra agus gnéithe aiceanta an cheantair san Ionad Léirithe ar dtús. Ansin d'imigh siad amach san fhiántas i gcuideachta Lorcán Uí Thuathail, fear a thug caint shuimiúil dóibh ar Thionscadal Athbhunaithe an Iolair Fhíréin. Thug siad cuairt ar an chaisleán agus na gairdíní agus bhí lá iontach acu amuigh i gceartlár áilleachta Ghleann Bheatha.



*Caint le Lorcán Uí Thuathail i nGleann Bheatha*

I measc na n-áiteacha eile a dtug siad cuairt orthu, bhí Páirc Foraoise na hArdaí, Cnoc Colbha (Knockalla) i bhFánaid agus ar ndóiche, Cúrsa na Farraige i Ros Goill. Fuair siad blas de chultúr na hÉireann oíche amháin le ceol ón fhear chlúiteach sin de bhunadh Mhic Fhionnghaile as Na Dúnaibh, sin Séamas Mac Suibhne ó Chill Mhic nÉanáin. Ansin bhí oíche áirneáil acu le Séamas Ó hEarcáin as an Chraosloch agus ní fear gan scéal é Séamas!

Bhí sé de phléisiúr agam féin labhairt leo ar feadh uair go leith oíche amháin ar na cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais. Anois, ar eagla go sílfeadh duine ar bith gur aon chineál saineolaí mé maidir leis an Bhreatnais, ní amhlaidh an scéal ar chor ar bith. Ach tá suim agam inti agus tá roinnt leabhar gramadaí bunúsach Breatnaise agam. Mar sin, rinne mé roinnt bheag taighde ar an ábhar agus caithfidh mé rá gur chuir torthaí an taighde iontas go leor orm. Sa chéad áit, tá leagan amach na n-abairtí sa Bhreatnais díreach cosúil leis an Ghaeilge: Tosaíonn a gcuid abairtí leis an bhriathar agus leanann an t-ainmfhocal nó an forainm an briathar. Cuirtear an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail agus ina theannta sin níl an t-alt éiginnte acu ach oiread. Is iad seo leanas cuid de na cosúlachtaí ar tháinig mé orthu agus is léir uathu gur teangacha Ceilteacha a bhfuil mórán baint acu lena chéile atá iontu. Is léir gur ainmfhocail agus aidiachtaí is mó atá ar an liosta agus rinne mé iontas nach raibh mórán cosúlachtaí idir briathra na Breatnaise agus briathra na Gaeilge ar chor ar bith, ach amháin go bhfuil ceann déag de bhriathra neamhrialta acu-san fosta.

| Breatnais | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|
| Ceffyl | Capall | Horse |
| Teulu | Teaghlach | Family |
| Awr | Ór | Gold |
| Alban | Albain | Scotland |
| Afon | Abhainn | River |
| Eglwys | Eaglais | Church |
| Llat | Slat | Yard |
| Oen | Uan | Lamb |
| Buwch | Bó | Cow |
| Mel | Mil | Honey |
| Blodyn | Bláth | Flower |
| Llong | Long | Ship |
| Rhedeg | Rith | Run |
| Canu | Canadh | Sing |
| Ysgrifennu | Scríobh | Write |
| Cadair | Cathaoir | Chair |
| Caws | Cáis | Cheese |
| Siocled | Seacláid | Chocolate |
| Mochyn | Muc | Pig |


| Breatnais | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|
| Tin | Tine | Fire |
| Llaw | Lámh | Hand |
| Ysgol | Scoil | School |
| Puball | Puball | Tent |
| Drws | Doras | Door |
| Bwrdd | Bord | Table |
| Asyn | Asal | Donkey |
| Cwningen | Coinín | Rabbit |
| Cleddyf | Claíomh | Sword |
| Llwyd | Liath | Grey |
| Melys | Milis | Sweet |
| Blasus | Blasta | Tasty |
| Saith | Seacht | Seven |
| Deg | Deich | Ten |
| Braf | Breá | Fine |
| Du | Dubh | Black |
| Mawr | Mór | Big |
| Bach | Beag | Small |

## Feamainn sa Chistin



*Duileasc tirim*

Tá fhios againn uilig an duileasc tirim a bhíonn a chogaint ag daoine, agus an carraigín a dhéantar a bhruith le bainne, agus an sleabhac a bhíonn le fáil ar na carraigeacha san Earrach, ach taobh amuigh daofa sin, cha bhíonn mórán iomrá ar na feamainn a úsáid sa chocaireacht. Baintear úsáid as feamainn éagsúla go mór i gcócaireacht na Seapáine agus na Síne, agus tá *Nori* mar chuid thábhachtach den *sushi* atá le feiceáil ar na biachláir. Agus caidé an *Nori* ? Sin an sleabhac!




Tá leabhar cocaireachta scríofa ag Prannie Rhatigan, dochtúir teaghlaigh i gCo Shligigh, ina bhfuil cur síos ar na feamainn agus an dóigh le iad a thriomú agus a shábháil, agus iad a úsáid sa chistin. Tá cúpla céad oideas, idir chácaí, subh, arán, milseoga agus go leor eile. Seo thíos oideas simplí as an leabhar, pancóga ag úsáid an duileasc tirim mionghearrtha.

### *Pancóga le duileasc*



340 gr (12 unsa) plúr
1 spunóg bheag púdar bácála
½ sp bheag salann
50 gr (2 unsa) im leáite
450 ml (¾ pionta) bainne
2 ubh
25 gr (1 unsa) duileasc tirim mionghearrtha
Ola /im chun friochtála

*Modh:* Buail na comhguisí uilig le chéile go maith, gan aon chnapáin. Bíodh an friochtán breá te, agus cur braon ola nó píosa beag ime air. Doirt lán spúnóige móire den ábhar pancóga ar an fhriochtán. Fág go bhfuil siad donn órga ar íochtar agus iompaigh leis an taobh eile a bhácáil. Coinnigh te go dtí go bhfuil an t-iomlán bácáilte.
(As an leabhar "Prannie Rhatigan's Irish Seaweed Kitchen" foilsithe ag **Booklink, Hollywood, Co. an Dúin)**

# Seantithe sa cheantar seo agus na Fir Cheirde a thóg iad.

Ba iad Phil Ó Conchúir agus a athair as Glasán, Carraig Airt, a thóg teach Aindi Rua i gCluain tSaileach. Cistin mhór le ceann tuí a bhí anseo i dtús báire. Bhí Aindi ina chónaí leis fhéin agus ba mhinic a d'ól mé an tae sa teach seo. Bhí mórtas mór aige ann agus bhí gairdín deas aige in aice an tí. Ba mhinic a thug sé úllaí agus sú craobh domh le hithe.

Ba iad Dónall Ghráinne as Cluain tSaileach



*Teach Aindi Rua i gCluain tSaileach*

(athair Joe Ghracie Mac Daibhéid) agus Ned Phaidí Éamoinn (Mac Giolla Bhríde) as Gort na Luchóg a thóg teach Charlie Phaidí Mhadgie i mBaile na Deora. John Dinis (Mac Laifeartaigh) as an Mhuirleog a chur an díon ar an teach seo agus a rinne an obair adhmaid eile lena chois sin. Ba ghnách liom ruaig a thabhairt orthu ó am go h-am nuair a bhí mé ag buachailleacht eallaí i ndiaidh am scoile ar Chnoc na Cloiche Báine. Ní raibh mórán suime agam sa bhuachailleacht - cineál de phionós a bhí ann.

Thóg Ned Phaidí Éamoinn teach Mhic Giolla



*Teach Charlie Phaidí Mhadgie*

Chomhaill ar an Raplach, teach Phaidí Bhurns ar an Mheall Mhór, teach Stephen Jack ar an Chloich Bháin agus teach John Fheargail (Mac Pháidín) i nDumhaigh. An gcreidfeá gur an tuarastal a bhí aige nuair a bhí sé ag obair ar theach John Fheargail ná deich bpingin sa lá.



*Teach Stephen Jack ar an Chloich Bháin*

Anois, dearc ar an fhear seo ag siúl as Gort na Luchóg go Dumhaigh, maith nó olc an lá, ag obair go cruaidh le clocha troma ó mhaidin go ham stad tráthnóna agus ansin ag siúl 'na bhaile. Don aos óg, dearc ar an fhear seo ag fáil 10 bpingin ar son a lá oibre - ba chóir domh a rá go raibh 240 pingin sa phunt ag an am sin. Tá muid ag caint anois ar euro agus céad cent.

Micí Thuathail Steafáin (Mac a'tSaoir) as Baile na Deora a thóg teach Mhicí Rua ar an Ghlíob agus tá obair dheas chloiche ar aghaidh an tí. Déarfainn gur Paidí Mór Mhicí Rua (Ó Buaidh) a rinne an obair adhmaid sa teach sin. Saor adhmaid glice a bhí ann agus thug Paidí tréan eolais domhsa nuair a bhí mé óg. Ba é Micí Thuathail Steafáin a thóg teach James Ann i gCluain tSaileach fosta agus ba é Tuathal, athair Mhicí, a thóg scioból Stephen Jack ar an Chloich Bháin. Ceannaíodh an scioból seo agus rinneadh teach cónaí saoire as. Tá an obair



*Scioból Stephen Jack mar atá anois*

chloiche le feiceáil go fóill.

Tá droichead faoin bhealach in aice tí Phaidí Mhóir i gCluain tSaileach, idir an scioból agus na tithe saoire taobh thíos den bhealach. Ba iad Francie Ó Cuilinn as Dún Dubháin agus John Phaidí Dhonnchaidh as Ailt a Chaorthainn a thóg an droichead seo le clocha agus leaca troma leagtha trasna orthu. Tá cuimhne mhaith agam ar an bheirt acu agus déarfainn go raibh eolas acu ar achan rud.

Cuireann seo i gcuimhne domh scéal a chuala mé ó na seandaoine fá Phroinsí agus Jimí Phaidí Dhonnchaidh, dhá dheartháir de John. Lá amháin agus iad ina stócaigh óga, trí thaisme chaith Proinsí an tsúil amach as cloigeann Jimí ach chuaigh sé i gceann oibre ar Jimí agus an gcreidfeá gur chuir sé an tsúil isteach ina áit arís. Dochtúir maith a bhí ann agus bhí Jimí beo beatha agus amharc maith súl aige fhad agus a bhí sé beo.





*Teach Phaidí Mhóir agus an Scioból*

Anois cionn is go bhfuil muid ag caint fá Chluain tSaileach agus fá theach Phaidí Mhóir, sin an t-aon teach atá ann le binn an tí ag taobh an bhealaigh. D'inis m'athair domh nach raibh ann ach teach stór amháin i dtús báire. Bhí teaghlach mór sa teach agus ní raibh mórán réitigh acu. Chuaigh Paidí Mór i gceann oibre. Cuireadh puilíní ar chrainn ag na ceithre choirnéal den teach agus tógadh an díon ina iomlán leis na puilíní. Tógadh na ballaí cothrom agus ligeadh an díon síos san oíche, go dtí go raibh teach dhá stór aige. Ní raibh áit ar bith eile acu le cónaí agus sin an t-aon dóigh a bhí ann foscadh na hoíche a bheith acu. Sin áit a sheasadh muid agus muid ag seanchas i m'óige agus achan uair a bhí muid ag dul go dtí siopa Mhaggie nó go dtí an Teach Pobail ag bun Gháinne rachadh muid isteach tí Phaidí Mhóir fá choinne deoch uisce, ar ár mbealach suas agus ag teacht ar ais dúinn. Agus ag smaoiteamh air anois, bhí Dinis Phaidí Mhóir ag iompar an uisce le buicéid as an tobar a bhí deas don chros.

Ba é John Thuathail Steafáin (Mac a'tSaoir) a thóg teach Mhicí Mhánais ansin os cionn Tobar na hAilte Báine ar an Ghlíob. Sin go gearr i ndiaidh an darna cogadh, thart fá 1948. Sílim go dear mé fhéin seal gairid oibre ar an teach sin. Bhí adhmad gann ag an am agus bhí deacracht againn adhmad a fháil don díon.

Ba iad Tuathal Steafáin (Mac a'tSaoir) agus Donnchadh Rua as an Ard Bhán (athair mór Denis Pheigí Dhomhnaill (Mac Laifeartaigh) a thóg seanscoil Mhíobhaigh timpeall na bliana 1923 agus dream darbh ainm Uí Chinnéide as Leitir Ceanainn a rinne an plástráil. 'Sé an t-eolas atá agam ná gurbh é John Thuathal Dhonnchaidh as an Ard Bhán a chur an díon air, le cois an chuid eile den obair adhmaid. Thóg Peter Mhicí as Ailt a' Chaorthainn agus Den Annie (athair Fardie) as an Ghlíob an balla thart fán scoil. Chaith mise mo chuid ama ar an scoil sin agus ba mhinic a fuair muid deoch uisce ón tobar atá deas don scoil, ag tiontú an choirnéil go hAilt a' Chaorthainn. Ba é Donnchadh Rua a thóg an teach dhá stór cloiche sin i nDoire a' Chasáin ina raibh Micí Ned Ruaidhrí agus an teaghlach ina gcónaí. Teach John a'Mháistir a tugadh ar an teach seo mar go raibh fear darbh ainm John Mac Suibhne ina chónaí ann am amháin agus máistir scoile a bhí ina athair. Chosain sé punt is fiche an teach seo a thógáil agus a chríochnú. Bhí baint ag Donnchadh fosta le tógáil Scoil Dhoire a'Chasáin, é fhéin agus John Thuathail (athair Chris Mhic Laifeartaigh) a thóg an seomra tosaigh i 1901.




*An Tobar atá deas do sheanscoil Mhíobhaigh*



Teach a' Mhaistir

Tógadh Teach Pobail Realt na Mara ag bun Gháinne i 1955. Ba é Dillon as Leitir Ceanainn an conraitheoir agus fear darbh ainm Mac Diarmada a bhí ina shaoiste ar an jab. Úsáideadh clocha ó sheanteach Ned Ruaidhrí i nDoire a'Chasáin. Bhí Willie Watt, James Mac Fhionnghaile, Donnchadh Mac Fhionnghaile, Phil Ó Conchúir, Dan Lynagh agus Denis Mac Suibhne ag obair ann agus chosain sé £2,500 an séipéal a thógáil.




Scoil Dhoire a'Chasáin

Dream darbh ainm Barr as leithinis Inis Eoghain a thóg Coláiste Ros Goill ar an Mhuirleog agus rinne Éamonn de Valera é a oscailt go hoifigiúl sa bhliain 1952.

Insíodh domh le goirid gur iad na trí theach is sine ar an Taobh Thiar ná Seanteach Dowdie (Mhic Pháidín), teach John Uí Chanainn ar an Ard Bhán agus teach Hudie Ned Ruaidhrí ar an Mhuirleog.

Anois, ag imeacht ar shiúl ón scéal sin, nach mé a bhí sásta gur bhain muid an pheil i mBaile Átha Cliath. 'Sé an scéal mór atá ag dul thart fá na Dúnaibh ná go raibh mo chara as Ros na Binne ag an chluiche agus go raibh sé chomh achomair le féileacán an oíche sin in Óstán na



*I lár tá John Mac Laifeartaigh (John Dinis) a bhí ag obair ar an Choláiste*

Trá ach go raibh piachán ina ghlór i ndiaidh an scairtí uilig. Shílfeá gur fear de na himreoirí a bhí ann!!

*Seo Proinsí agus idir muid fhéin níl mórán céille leis ó am go h-am.*

## Seanfhocail

Chan fhuil sí beag deas ná mór gránna

* * *

"Chan fhuil aon rud níos measa ná an barraíocht" *arsa an seanchat nuair a báidheadh é sa bhainne*

* * *

Bheadh sé ag croitheadh lámh leat agus an scian sa láimh eile

* * *

# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Micí, fear a bhí mar mhairnéalach i gcabhlach an rí, i ndíog i lár an Lagáin agus iad ag tarraingt ar scioból mór. Tá dhá bhád ar an abhainn agus saighdiúirí sa tóir orthu ar talamh ach caithfidh siad a bheith cúramach mar go bhfuil neart daoine ag obair sna cuibhrinn thart orthu. Stad Feadaímó nuair a bhí siad os comhair an sciobóil agus d'amharc sé thart. "Cha dtig linn dul isteach ann go dtí go bhfuil muid cinnte nach bhfuil daoine istigh ann," a dúirt sé.



"Tá dréimire ar an taobh chlé ansin ag dul suas a fhad leis an lochta," arsa Micí. "Tchím sin ach bheadhas muid le feiceáil ó na cuibhrinn sin thall," arsa Feadaímó agus é ag sleamhnú amach as an díog. "Nuair a fhaighim a fhad leis an dréimire rachaidh mé suas chomh nádúrtha agus is féidir liom. Má tá an t-ádh orm agus muna gcluin tú racán ar bith lean thusa mé." Sheas Feadaímó agus shiúil sé leis a fhad leis an scioból. Cha raibh duine ar bith ag tabhairt aird air cé go raibh fir ag obair ar bhalla níos cóngaraí don teach mór. Choinnigh sé an gunna i bhfolach faoina chóta agus chuaigh sé suas go dtí an lochta gan buaireamh ar bith. Bhí sé lán d'fhéar na bliana anuraidh agus chuaigh sé chun tosaigh le radharc súile a fháil ar an scioból a bhí thíos faoi. Bhí beirt fhear ag obair ar roth cairte agus is i mBéarla a bhí siad ag déanamh comhrá. Chuaigh Feadaímó ar ais go dtí an oscailt agus thug sé comhartha do Mhicí teacht ar aghaidh. Shiúil Micí leis agus a mhála ar a dhroim ach sular shroich sé an dréimire chuala sé scairt. "Hoí you, haven't you no work to do?" Luigh Feadaímó síos amach as radharc agus thiontaigh Micí. Bhí fear mór údarásach ag tarraingt air. "Cat got your tongue?" a dúirt sé le Micí. "No sir," arsa Micí, "I was just lookin for the foreman. I thought maybe I could get some work." Bhí a fhios ag Micí go raibh sé i ndroch áit mar bhí a chuid brístí báite, salach ón díog agus fosta cha raibh corrán ar bith leis. "Just you sit and I'll get William," arsa an fear mór. "You look more like a thief than a field man." Le sin lig sé fead ghlaice uaidh agus thiontaigh na fir a bhí sa pháirc is cóngaraí chuige. Bhí fear ar chapall agus rinne an fear mór comhartha leis. "Hey, William, man here wants to see you." Tháinig fear an chapaill chucu agus thosaigh an fear mór ag gáire. "You better have a good story mister. William don't like thieves and such. Shuigh Micí ag bun an dréimire agus chuir sé paidir chun na bhflaithis go mbeadh plean de shórt éigin ag Feadaímó. "Who's this tramp then, Alan,? arsa fear an chapaill. "Don't know William, he ain't the talkative type." "Well then," arsa William, we'll have to make him talk. Bring him up to the house."

Nuair a chrom an fear mór síos le greim muiníl a fháil ar Mhicí bhuail casúr trom é ar chúl a chloiginn. Thit sé mar a bheadh cloch ann agus léim Micí ina sheasamh. D'amharc William suas ach 'sé an t-aon rud a chonaic sé ná fear mór ag titim amach as an spéir agus gunna ina lámha. Bhuail Feadaímó é lena chosa agus thit sé go trom ón chapall. Léim Feadaímó ar an chapall agus chuir sé a lámh amach chuig Micí. "Go tapaigh, aníos anseo ar mo chúl." Char chuir Micí am ar bith amú agus sula raibh faill ag na fir sa pháirc racán a thógáil fán rud a chonaic siad bhí an bheirt agus an capall ar chosa in airde amach as an chlós.

Chuaigh siad amach an geafta agus síos an bealach mór le rása agus chan fhaca siad comhartha ar bith go raibh duine ar bith sa tóir orthu. "Glac go socair é, a Fheadaímó, nó beidh an capall marbh agat," arsa Micí. "Tá lód trom ar a dhroim bhocht." "Tá a fhios agam go bhfuil, a Mhicí," arsa Feadaímó, "ach má bhéarfar orainn anois crochfaidh siad muid ar an chrann is cóngaraí. Tá mise chóir a bheith cinnte go bhfuil an boc mór marbh." "Níl aon amhras fá dtaobh de," arsa Micí. Scoilt tú é leis an chasúr sin agus ní dóigh liom go bhfeicfidh sé an ghrian arís. I dtaca le William de, níl a fhios agam, ach dóigh amháin nó dóigh eile ní bheidh sé ar a chosa inniu nó amárach." Tharraing Feadaímó an capall den bhealach agus chuaigh siad isteach i gcoill. "Glacfaidh muid scíste beag," a dúirt sé, "ach beidh orainn a bheith ar shiúl amach as an cheantar seo roimh an oíche."

"B'fhéidir," arsa Micí, "go bhfuil rud amháin a chuideoidh linne. Tiocfaidh na saighdiúirí go dtí an fheirm sin anois ach beidh siad ag súil go bhfuil muidinne ag dul siar. Má théann muidinne díreach ó dheas tiocfaidh muid ar locha Fhir Manaigh. Níl dóigh ar bith go bhfaighidh siad greim orainn istigh ansin." "Sílim go bhfuil an ceart agat," arsa Feadaímó, "anuas leat anois go dtabharfaidh mé deoch don bheathach seo." Stiúir Feadaímó an capall a fhad leis an sruthán a bhí ag reáchtáil fríd an choill agus tháinig sé fhéin anuas. D'íosfainn an chos dheiridh den chapall seo mé fhéin," a dúirt sé agus é ina shuí ar an talamh. "Cha dtig liom smaoiteamh ar an ghreim dheireanach a fuair mé." "Tá feoil shaillte liomsa i mo mhála," arsa Micí agus thug sé píosa maith d'Fheadaímó. "Seo chugat" a dúirt sé, agus thug sé cúpla briosca crua dó. Cuir na brioscaí sin san uisce agus beidh tú ábalta iad a ithe.

"Lorda, is féasta atá againn," arsa Feadaímó agus é ag ithe. "Dá mbeadhas muid ábalta teacht ar chapall eile sílim go mbeadh deis éalaithe níos fearr againn," a dúirt sé. "Cha bhíonn sé furasta sin a dhéanamh anois," arsa Micí. "Rachaidh an scéal thart fán cheantar seo fan slád a rinne muid níos luaithe. Is Protastúnaigh atá sna feirmeoirí móra uilig thart fán Lagán agus chan trua ar bith a bheas acusan do bheirt de na Gaeil a mharaigh Coirnéal de chuid an Rí agus fear nó beirt acu fhéin." "Tá airgead agamsa," arsa Feadaímó, 'agus bhéarfaidh mé rogha dófa. Airgead a ghlacadh ar an chapall nó é a chailleadh. Beidh sé tamall maith eile go fóill sula mbíonn sé dorcha, mar sin coinneoidh muid ag dul ó dheas istigh sa choill anseo. Ma tá an t-ádh orainn gheobhaidh muid deis capall a fháil sula gcaithfidh muid stopadh don oíche."

Cúpla uair ina dhiaidh sin tháinig siad go himeall na coille agus chonaic siad teach mór ar an ard amuigh rompu agus gach cuma ar an áit gur feirm ghnoitheach a bhí ann leis an méid daoine a bhí ag tarraingt ar na sciobóil as na cuibhrinn. "Thiocfadh leis a bheith contúirteach dul a fhad leis an teach sin, a Fheadaímó," arsa Micí. "Tá slua fán áit." "Tchím sin," arsa Feadaímó, "ach tá neart capall le feiceáil fosta. Fan thusa anseo agus rachaidh mise suas go bhfeicfidh mé an ndíolfaidh siad capall liom. Cá mhéad a chosnódh capall cibé?" "Braitheann sin ar an chapall," arsa Micí. "B'fhiú cúig phunta ar a laghad an capall sin atá agatsa. Sin ráite thiocfadh leat ceann a fháil ar thrí phunta nó capall oibre ar dheich bpunta." Thóg Feadaímó a mhála beag amach as a phóca agus thóg sé bun óir amach as. Bhí iontas ar Mhicí. "Níl a fhios agam, a ghasúir cá háit a bhfuair tú an méid sin airgid ach ghlacfá a bheith cúramach. Dá mbeadh fhios ag na ropairí bóthair go raibh fear ar an bhealach le mála óir mar sin bheadh siad uilig ár gcuardach." "Cha bheinnse buartha fá na ropairí," arsa Feadaímó. "Oibríonn an chuid is mó acu sin leo fhéin. "Siad na dragúin a chuireann isteach ormsa. Cha bheadh muid ábalta mórán a dhéanamh in éadan scuad acu sin agus gan againn ach gunna amháin." "Fuist!" arsa Micí, "cluinim rud inteacht."

Cha raibh i bhfad go bhfaca siad beirt ar chapaill ag tarraingt orthu. "B'fhéidir nach mbeadh feidhm orm dul a chóir an tigh," arsa Feadaímó, agus thóg sé amach an gunna. Nuair a tháinig an bheirt isteach sa choill sheas Feadaímó rompu agus dhírigh sé an gunna. "Anuas libh go tapaigh," a dúirt sé…. Ní iarrfaidh mé oraibh an darna uair." "What the devil is going on?" arsa an fear is sinne acu. "This is an outrage. Being accosted on my own land!" "I'll count to three," arsa Feadaímó, " then the young fella gets it in the leg. One…..bhí an boc óg ar crith. Two….." Tháinig an bheirt acu anuas agus sheas siad lena lámha in airde. Tháinig Micí amach ó chúl crainn agus fuair sé greim ar na srianta agus threoraigh sé na capaill ar shiúil píosa. "How much for the two horses?" arsa Feadaímó. "They're not for sale," arsa an fear is sinne. "Last chance," arsa Feadaímó. "You couldn't afford them," arsa an boc céanna. "They're thoroughbreds. I paid twenty guineas apiece as foals for them." "Cha dtiocfadh le Feadaímó a chreidbheáil go ndíolfadh duine ar bith an méid sin airgid ar chapall, go háirithe capall nach ndéanfadh obair ar bith. "I told you they were too dear" arsa an boc." You're right," arsa Feadaímó, "so we'll just borrow them for a while." Ceangal iad don chrann, a Mhicí, agus beidh muid ar shiúl." "You won't get away with this," arsa an boc, ach chuir Micí tost ina bhéal le é a choinneáil socair. "We'll leave your horses in Letterkenny," arsa Feadaímó, agus d'imigh siad siar.

Chuaigh siad cúpla míle an bealach sin ag tabhairt deis do dhaoine iad a fheiceáil sular thiontaigh siad ó dheas. Bhí sé dorcha go leor fán am seo ach choinnigh siad leis an bhóthar go dtí go raibh siad róthuirseach le leanstan ar aghaidh. "Is deas an rud capall mar seo a bheith fúinn," arsa Feadaímó, "ach caithfidh muid a bheith cúramach leo". Chuir siad na trí chapaill ar téad in aice le sruthán, áit a raibh go leor féir acu. "Caithfidh mise néal chodlata a fháil," arsa Feadaímó, "rud nach raibh agam le trí lá anois." Cheangal Micí a leaba luascáin idir dhá chrann ach luigh Feadaímó ar an talamh agus thit sé ina chodladh lom díreach. "Coinneoidh mise súil amach," arsa Micí, ach cha raibh Feadaímó ag éisteacht. "Bhail", arsa Micí leis fhéin, caithfidh mé a rá go bhfuil sin tuilte agat, a ghasúir. Tá mise saor ón chabhlach agus mo shaol i Meiriceá romham, mó bhuíochas leat. Shuigh sé agus a dhroim le crann ag éisteacht le fuaimeanna na hoíche. "Tá a fhios ag Dia, cad é'n sórt lá a bheas romhainn amárach ach caithfidh muid fanacht ar sin." Rinne se méanfach agus d'éirigh sé. Cha raibh dóigh ar bith a dtiocfadh leis titim ina chodladh agus Feadaímó chomh tuirseach is a bhí sé. Chaith sé an oíche ag siúl thart ar an champa ach cha raibh trup coimhthíoch ar bith le cuir isteach air roimh an mhaidin.

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

# Campa Samhraidh Céim Aniar

D'éirigh go maith leis an dá champa samhraidh a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar i mbliana. Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl achan lá: cluichí spóirt, ealaíona agus ceardaíocht, cluichí intinne, damhsa, amhránaíocht, comórtais tógáil caisleáin ar an trá agus rud beag cócaireachta – rinne na páistí píotsaí agus bunóga brioscáin ríse. Chuir siad seó beag i láthair ag an deireadh agus bronnadh teastas ar na páistí uilig. Bronnadh duaiseanna ar na páistí a rinne is mó iarracht Gaeilge a labhairt an t-am ar fad. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na cúntóirí uilig a rinne jab iontach. Bhain na rannpháirtithe taitneamh as a gcuid ama ar an dá champa.



*Buaiteoirí na nduaiseanna ar an champa i mí Iúil.*




















*Buaiteoirí na nduaiseanna ag an champa i mí Lúnasa le Fíona Pasoma*



*Ag déanamh píotsaí*




*Ag dul go dtí an trá*

# Cluiche Ceannais na hÉireann









Sa phictiúr thuas tá Máirtín Mac Giolla Choinnigh, mac de Marie Nic Giolla Chomhaill as an Ghleann ó dhúchas.



# Ag Ceiliúradh i mBaile Átha Cliath agus Corn Sam Mhic Uidhir i nDún na nGall



*Ar mhí na meala !!*









Cuireadh tús arís leis na himeachtaí i ndiaidh am scoile do pháistí bunscoile ar na mallaibh agus tá na déagóirí gnóthach fosta ag obair ar gheamaireacht don Nollaig. Seo cuid acu thuas le Proinsias Ó Cuilinn.



# Dioplóma sa Ghaeilge

Ar dheis, ó chlé tá Finghín Mac Laifeartaigh, Colm Mac Giolla Easpaig, Áine Uí Sratháin, Miseal Ní hAodha agus Seosamh Ó hEarcain, cúigear a bhain Dioplóma sa Ghaeilge amach i mbliana ón chúrsa a bhí á reáchtáil ag Céim Aniar in Áras Ros Goill sna Dúnaibh i gcomhar le hOllscoil Uladh. Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil leo uilig.

Tá beirt de na mic léinn ag leanstan ar aghaidh lena gcuid staidéir sa Ghaeilge ar an chúrsa céime anois agus ba mhaith linn gach rath a ghuí orthu.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com